Cúrsaí Fostaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta fostaíochta an lae. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. health care: _____
2. number of primary care units: _____
3. technological company: _____
4. international headquarters: _____
5. online storing system: _____
6. documents, photos and videos: _____
7. they intend to: _____
8. recruitment: _____
9. capital (investment) company: _____
10. which means: _____
11. being run: _____

Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Baineadh úsáid as dhá shlí chun an uimhir ***daichead*** a rá sa mhír, cad iad?

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus breac síos an t-eolas a thugtar faoi na huimhreacha seo:

40: _____

200: _____

100 milliún: _____

20 milliún: _____

10-20: _____

50: _____

Ceist 3 '…ag déanamh infheistíochta....'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?
(b) Cuir an fhoirm cheart den fhocal idir lúibíní sna samplaí seo thíos:

- Ag scríobh (litir): _____
- Ag ithe (feoil): _____
- Ag déanamh (matamaitic): _____
- Ag siúl (sráid): _____
- Ag cíoradh (gruaig): _____
- Ag glanadh (fuinneog): _____
- Ag croitheadh (lámh): _____
- Ag stróiceadh (bileog): _____

Ceist 4. '…ceanncheathrú…'

Féach ar na focail seo a leanas a bhfuil an focal 'ceann' mar chuid dóibh. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

ceannaire
ceannáras
ceannchathair
ceanndánacht
ceannlitir
ceannródaí

Ceist 5 '…***á reáchtáil…***'

(a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist sa sampla thuas?
(b) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

- I'm doing it:
- Are you eating that?
- She was cleaning it:
- Are you keeping that?
- They were teaching him:
- Are you writing it down?
- She is reading it.
- Mammy wasn't saying it.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil a fhios agat cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na scoile/ hollscoile?
- An mbeidh post le fáil agat i do cheantar dúchais, dar leat?
- Ar mhaith leat a bheith ag obair thar lear, dar leat?
- Ar mhaith leat dul ar imirce? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

1. health care:	*cúram sláinte*
2. number of primary care units:	*líon na n-ionad príomhchúraim*
3. technological company:	*comhlacht teicneolaíochta*
4. international headquarters:	*ceanncheathrú idirnáisiúnta*
5. online storing system:	*córas stórála ar líne*
6. documents, photos and videos	*cáipéisí, grianghraif agus físeáin*
7. they intend to:	*tá sé ar intinn acu*
8. recruitment:	*earcaíocht*
9. capital (investment) company:	*comhlacht (infheistíochta) caipitil*
10. which means:	*a chiallaíonn*
11. being run:	*á reáchtáil*

Ceist 2

40	an líon post a chruthóidh *Dropbox* i mBaile Átha Cliath
200	an líon post a chruthóidh *Centric Health*
100 milliún	an líon daoine a úsáideann Dropbox
20 milliún	an méid infheistíochta a chuir comhlacht príobháideach sa chomhlacht *Dropbox*
10 - 20	an méadú a thiocfaidh ar líon na n-ionad príomhchúram sláinte
50	líon na bpost a chruthóidh Centric Health taobh istigh de bhliain

Ceist 3

(a) An tuiseal ginideach uatha a leanann an t-ainm briathartha.

(b)

Ag scríobh **litreach**
Ag ithe **feola**
Ag déanamh **matamaitice**
Ag siúl **sráide**
Ag cíoradh **gruaige**
Ag glanadh **fuinneoige**
Ag croitheadh **láimhe**
Ag stróiceadh **bileoige**

Ceist 4

ceannaire – *leader*
ceannáras – *headquarters*
ceannchathair – *metropolis*
ceanndánacht – *stubbornness*
ceannlitir – *capital letter*
ceannródaí - *pioneer*

Ceist 5

(a) An t-ainm briathartha.
(b)

- I'm doing it: *Tá mé á dhéanamh*
- Are you eating that? *An bhfuil tú á ithe sin?*
- She was cleaning it: *Bhí sí á ghlanadh*
- Are you keeping that? *An bhfuil tú á choinneáil sin?*
- They were teaching him: *Bhí siad á mhúineadh*
- Are you writing it down? *An bhfuil tú á scríobh síos?*
- She is reading it: *Tá sí á léamh*
- Mammy wasn't saying it: *Ní raibh Mamaí á rá*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá an comhlacht Cúram Sláinte *Centric Health* le dhá chéad post a chruthú nuair a chuirfidh siad le líon a n-ionad príomhchúraim. Agus, tá sé fógartha ag an gcomhlacht teicneolaíochta *Dropbox* go bhfuil siad lena gceanncheathrú idirnáisiúnta a bhunú i mBaile Átha Cliath, áit, a deir[i] siad, a gcruthófar dhá scór post.

Caoimhe Ní Chonchoille
Is é *Dropbox* an comhlacht teicneolaíochta is deireanaí le Baile Átha Cliath a roghnú dá cheanncheathrú[ii] idirnáisiúnta. Tuairim is céad milliún duine a úsáideann *Dropbox*. Cuireann an comhlacht córas stórála ar líne ar fáil do cháipéisí, grianghraif agus físeáin, agus is féidir teacht orthu ó ghléasanna éagsúla áit ar bith sa domhan. Cruthófar thart ar cheathracha post ina n-oifig úr i mBaile Átha Cliath le tacaíocht theicniúil agus seirbhísí eile a chur ar fáil. Deir an comhlacht go bhfuil sé ar intinn acu tús a chur le hearcaíocht ar bhonn láithreach. Bhí dea-scéal fostaíochta eile ann inniu chomh maith agus fógra ón chomhlacht cúram sláinte *Centric Health* go bhfuil siad le dhá chéad post úr a chruthú in ionaid chúraim phríomhúil úra a bheas á reáchtáil acu. Deir *Centric Health* go bhfuil comhlacht caipitil príobháideach ón Eoraip ag déanamh infheistíochta fiche milliún euro sa chomhlacht, rud a chiallaíonn gur féidir le líon na n-ionad atá á reáchtáil acu a mhéadú ó dheich go fiche. Thug an comhlacht le fios go mbeadh caoga de na postanna[iii] úra le cruthú taobh istigh de bhliain. Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

[i] *a ndeir* a deirtear
[ii] *gceanncheathrú* a deirtear
[iii] *poist* atá sa chaighdeán